An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

# BUNCHUSPÓIR AN ÚDARÁIS

**Rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ndaoine a bhíonn bainteach leis an earnáil um shlándáil phríobháideach chun a chinntiú go gcosnaítear go hiomlán leasa tomhaltóirí fad is atá na caighdeáin chuí á mbunú, á gcur chun cinn, á monatóiriú agus á gcur i bhfeidhm.**

## CLÁR

Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Ról an Údaráis Slándála Príobháidí

Misean agus Luachanna

Bord an Údaráis

Foireann Shinsearach Bainistíochta

Rialachas Corparáideach

Léargas ar 2016

Plean Straitéiseach 2014 go dtí 2017

Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

Tuarascáil Airgeadais

Aguisíní

Teagmhálacha

## Ráiteas Tosaigh ó Noel Lappin, Cathaoirleach agus Paul Scallann, Príomhfheidhmeannach



An tUasal Noel Lappin

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Slándála Príobháidí don bhliain 2016 a chur i láthair a léiríonn an dul chun cinn atá déanta againn le linn na bliana 2016. Is í seo an tuarascáil dheireanach ón mBord reatha agus mar sin is ócáid thábhachtach í i stair an Údaráis. Sna blianta roimhe seo tharraingíomar aird ar an tionchar a bhíonn ag acmhainní srianta ar an ról rialaithe a leathnú. Sa bhliain 2016, bhunaigh an Bord fo-choiste chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Fuaireamar breis foirne agus breis maoinithe ón Roinn agus chuireamar athbhreithniú ar phróisis ghnó an Údaráis i gcrích. Beidh an t-athbhreithniú ina bhunús dár múnla gnó don todhchaí.



An tUasal Paul Scallan

Leanamar orainn ag déanamh beart de réir ár mbriathair sa bhliain 2016. Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil níos luaithe sa bhliain, d'fhógraíomar creat ama le glasadóirí a cheadú. Sheolamar córas athnuachana ar an idirlíon do dhaoine aonair agus leanamar orainn ag déanamh forbairt ar na córais Teicneolaíochta Faisnéise agus na córais idirlín. Bhunaíomar Fóram do Sholáthraithe Traenála agus chuireamar tús le hathbhreithniú ar na caighdeáin riachtanacha maidir le ceadúnú do rialúcháin rochtana. Rinneadh dul chun cinn maidir le riachtanais nua traenála a fhorbairt do Mhaoirseoirí Dorais, Slándáil Imeachtaí agus Gardaí Slándála.

Ceann de na chéad dúshláin a bheidh le sárú ag an mBord nua a cheapfar sa bhliain 2017 ná plean straitéiseach nua a fhorbairt. Ní mór don phlean nua seo, forbairtí leanúnacha sa tionscal a thabhairt san áireamh agus na himpleachtaí a bheidh acu seo ar an Údarás. Ní mór freisin, machnamh a dhéanamh ar na tosaíochtaí rialála sna blianta amach romhainn le béim faoi leith ar cheadúnú a dhéanamh ar fhoirne Slándála Imeachtaí.

Tá sé rí-thábhachtach dúinn oibriú leis na páirtithe leasmhara éagsúla. Leanamar orainn ag bualadh leis na ceadúnaithe agus leis na cumainn ionadaíochta agus bhunaíomar caidrimh nua leo siúd a bhíonn i dteagmháil leis an tionscal slándála ar leibhéil éagsúla. Tá sé mar chuspóir againn na caidrimh seo a fhorbairt sa bhliain 2017 trí fhóram plé a bhunú agus dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ar fad.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chur lenár gcuid oibre i rith na bliana, le baill an Bhoird a lean orthu todhchaí an Údaráis a mhúnlú, lenár bhfoireann atá rídhílis don ról atá againn, agus leo siúd a chur lenár gcuid oibre ar bhealach ar bith i rith na bliana 2016.

# Ról an Údaráis Slándála Príobháidí

Tá freagracht ar an Údarás Slándála Príobháidí, a bunaíodh leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011, an tionscal slándála príobháidí a rialú. Is é an ról atá againn ná an pobal agus cliaint an tionscail a chosaint trí thimpeallacht rialála ar ard-chaighdeán a chruthú do ghnónna agus do dhaoine aonair atá ag obair sa tionscal slándála. Tá freagracht ar an Údarás córas ceadúnaithe cuimsitheach bunaithe ar chaighdeáin a bhunú, a rialú agus a bhainistiú don tionscal slándála príobháidí. Is é an fhreagracht is tábhachtaí atá ar an Údarás ná ceadúnas a thabhairt dóibh siúd a chuireann seirbhísí slándála ar fáil agus is é an príomhchuspóir ná caighdeáin agus cáilíochtaí a choinneáil agus a fheabhsú maidir leis na seirbhísí seo a sholáthar. Oibríonn an tÚdarás i gcomhar le fostóirí agus fostaithe i dtaca le caighdeáin sa tionscal a ardú ar mhaithe le leas an tomhaltóra, an phobail agus an tsochaí.



**Príomhoifig an Údaráis, Baile Thiobraid Árann**

D'ullmhaíomar i rith na bliana le ceadúnú a dhéanamh ar ghlasadóirí agus d'fhógraíomar an 1 Feabhra, 2017 mar dháta tábhachtach do cheadúnú conraitheoirí san earnáil. Nuair a bheidh siad ceadúnaithe, beidh 91% de ghnónna rialaithe agus tá sé mar aidhm againn na réimsí eile de cheadúnú conraitheoirí a thabhairt chun críche sna 18 mí amach romhainn. Lean an obair ar aghaidh maidir le ceadúnú do dhaoine lasmuigh de na trí réimse gur féidir iad a cheadúnú faoi láthair, is iad sin gardaí slándála, maoirseoirí dorais agus airgead ar iompar, le haird ar riachtanais thraenála sna hearnálacha slándála leictreonaí, imeachtaí agus monatóireachta. Tá sé mar aidhm againn creat ama a fhógairt do cheadúnú sna réimsí seo i rith na bliana 2017.

Glacadh fócas nua inár gcuid oibre maidir le caighdeáin agus cáilíochtaí maidir le seirbhísí slándála a sholáthar sa bhliain 2016 nuair a d'fhorbraíomar caidreamh níos dlúithe le soláthraithe traenála agus threisíomar socruithe maoirseachta ar na heagraíochtaí deimhnithe. Is cuid lárnach iad traenáil agus deimhniú den chóras ceadúnaithe. Táimid diongbháilte a chinntiú go bhfuil an dá phróiseas sách láidir chun tacú le rialaithe agus chun ár gcuid riachtanas mar rialtóir a shásamh.

## Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis:

| |
|---|
| • Daoine a chuireann seirbhísí slándála ar fáil a rialú agus na caighdeáin a choinneáil agus a fheabhsú maidir leis na seirbhísí sin a chur ar fáil. |
| • Ceadúnais a cheadú agus a athnuachan. |
| • Cártaí aitheantais a thabhairt do cheadúnaithe. |
| • Ceadúnais a chur ar fionraí agus a tharraingt siar. |
| • Clár ceadúnaithe a bhunú agus a choinneáil. |
| • Caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí slándála a shainiú. |
| • Cáilíochtaí agus riachtanais a bhaineann le ceadú ceadúnais a shainiú. |
| • Tograí taighde a reáchtáil nó a choimisiúnú agus gníomhaíochtaí atá riachtanach ar mhaithe leis na seirbhísí sin a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar. |
| • Seirbhísí atá á soláthar ag aon duine a fhiosrú. |
| • Córas fiosraithe agus breithnithe ar ghearáin a bhunú agus a riaradh. |
| • Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí príobháideacha slándála go ginearálta. |
| • Dul i gcomhairle le ceadúnaithe. |
| • Comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt maidir le ceisteanna a bhaineann leis na feidhmeanna thuasluaite agus an tAire a chur ar an eolas maidir le rud ar bith a chabhródh le forbairt polasaithe. |

# Misean agus Luachanna

Chun ár ndualgais a chomhlíonadh maidir leis an bpobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú sa tionscal slándála príobháidí táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

### Is é Misean an Údaráis Slándála Príobháidí ná:

> Gníomhaíochtaí na ndaoine sa tionscal slándála príobháidí a rialú chun leas tomhaltóirí a chosaint go hiomlán trí chaighdeáin chuí a bhunú, a chur chun cinn, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a chur i bhfeidhm.

### Áirítear san fhís atá againn:

Fís ina dtugtar cosaint do leas tomhaltóirí trí thionscal ceadúnaithe agus grinnfhiosrúcháin le hard-chaighdeáin feidhmíochta agus saineolais. Coinneofar an fhís seo trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar na soláthraithe ceadúnaithe ar fad agus gníomhaíochtaí dírithe orthu siúd a sháraíonn na caighdeáin. Samhlaímid tionscal ina ndéantar;

- An tionscal a athrú ó bhonn trí fhorfheidhmiú láidir
- Traenáil agus oideachas a fheabhsú
- Coiriúlacht a laghdú
- Ceadúnú a leathnú go dtí réimsí nach ndéantar ceadúnú orthu faoi láthar

agus Údarás Slándála Príobháidí le;

- Dóthain acmhainní chun seirbhísí a sholáthar.
- Soláthar feabhsaithe seirbhísí.

### Is iad seo a leanas na luachanna a leanaimid agus muid i mbun oibre:

- Oibriú i gcomhar leis an tionscal agus páirtithe leasmhara eile chun creat rialála a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe soláthraithe seirbhísí agus chun tairbhe an phobail.

- Sár-sheirbhísí custaiméara a chur ar fáil do cheadúnaithe reatha, d'iarratasóirí ar cheadúnais nua agus do thomhaltóirí seirbhísí príobháideacha slándála.

- Costais a laghdú.

- Obair a dhéanamh ar bhealach trédhearcach, cothrom agus cuí.

- A bheith mar fhostóir eiseamláireach trí thimpeallacht a chruthú inar féidir leis na hacmhainní cuí a bheith ag an bhfoireann agus na scileanna atá ag teastáil a fhorbairt chun feidhmiú ar bharr a maitheasa.

- Dlúthchaidrimh oibre a choinneáil le forais/eagraíochtaí eile a mbíonn tionchar díreach ag gníomhaíochtaí an Údaráis orthu.

- Timpeallacht shábháilte a chruthú don phobal trí dheireadh a chur le coiriúlachta a d'fhéadfadh tarlú sa tionscal.




**Baill Bhord an Údaráis**

Ar Chúl: Christy Waters, Helen Curley, Padraic Cafferty agus Arthur Hall.
Chun Tosaigh: Mary Rose Kinane, Ann Reid, Noel Lappin, Geraldine Kelly agus Freda O'Dowd.

## Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Coimisinéir Cúnta Derek Byrne*** | Ionadaí ón nGarda Síochána |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Helen Curley** | Ionadaí an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta |
| **Arthur Hall** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlí |
| **Mary Rose Kinane** | Ionadaí Foirne |
| **Freda O'Dowd** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Ann Reid** | Duine ceaptha go lánroghnach gan teideal |
| **Marion Walsh** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

*D'éirigh an Coimisinéir Cúnta Byrne as an mBord i mí na Samhna sa bhliain 2016 nuair a chuaigh sé ar scor ón nGarda Síochána agus tháinig an Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll ina áit.

## Foireann Shinsearach Bainistíochta

| | |
|---|---|
| **Paul Scallan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Seamus Burke** | Príomhchigire |
| **Colm Hassett** | Ceannasaí Ceadúnaithe |
| **Grace Grant** | Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha |

# Rialachas Corparáideach

Tá an Bord agus an Príomhfheidhmeannach tiomanta a chinntiú go ngníomhaíonn an tÚdarás de réir na gcleachtas corparáideach is fearr. Gníomhaíonn an tÚdarás faoi réir réimse oibleagáidí reachtúla agus rialachais corparáidigh lena n-áirítear iad seo a leanas;

- Tuairisc ón nGrúpa Oibre ar Fhreagracht Ard-Rúnaithe agus Oifigigh Chuntasaíochta
- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí/Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí.
- Cód Cleachtais do Rialú Eagras Stáit (2009 agus 2016).
- An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 (arna leasú).
- Cód cleachtais an Údaráis do Bhaill an Bhoird.
- Comhaontú Feidhmíochta idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an tÚdarás.

Cé gur foilsíodh Cód Cleachtais do Rialú Eagras Stáit i mí Lúnasa na bliana 2016 foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais seo de réir an Chóid a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2009, ach amháin má shonraítear a mhalairt. Foilseofar tuarascálacha agus ráitis airgeadais de réir Chód na bliana 2016 amach anseo.

Chomh maith lena bhfuil luaite thuas, géilleann an tÚdarás do na treoracha eile ar fad i dtaca le rialachas corparáideach a d'fhéadfadh an Roinn a eisiúint ó am go chéile ar son na Roinne Athchóirithe agus Caiteachais Phoiblí nó Ranna eile Rialtais, a chinntíonn go bhfuil na struchtúir agus na próisis chuí i bhfeidhm ionas go gcloítear leis na caighdeáin is airde maidir le Rialachas Corparáideach.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn baill an Bhoird agus foireann an Údaráis, a bhfuil poist shainithe acu, leis na forálacha san Acht um Eiticí in Oifigí Poiblí agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Déanann Coiste Iniúchta an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar fheidhmiú airgeadais an Údaráis. Is féidir le hAonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt, agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, iniúchadh a dhéanamh ar an Údarás freisin. Tacaíonn Foireann iniúchta an Údaráis leis an bPríomhfheidhmeannach freisin. Tugtar faoi sholáthar de réir na dTreoirlínte Soláthair Phoiblí i gcomhairle le Grúpa Soláthair Straitéise na Roinne de réir mar is cuí agus polasaithe a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord maidir lena dhualgais a chomhlíonadh agus maidir le heolas a chur ar fáil i dtaca le comhlíonadh na ndualgas sin de réir mar a leagtar amach sa reachtaíocht. Coinníonn an Príomhfheidhmeannach Tuairisc Bainistithe Riosca agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird í ag gach cruinniú den Bhord.

# Rialachas Corparáideach

Bhí 5 chruinniú ag Bord an Údaráis i rith na bliana 2016. Léirítear an tinreamh ag na cruinnithe seo sa tábla thíos:

| AINM | 15/2/16 | 04/04/16 | 13/06/16 | 19/09/16 | 21/11/16 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Noel Lappin** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Ann Reid** | X | √ | √ | X | √ |
| **Padraic Cafferty** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Freda O'Dowd** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Derek Byrne** | X | √ | X | X | N/A* |
| **Christy Waters** | √ | √ | X | √ | √ |
| **Helen Curley** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Mary Rose Kinane** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Marion Walsh** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Geraldine Kelly** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Arthur Hall** | X | √ | √ | X | √ |

*D'éirigh an Coimisinéir Cúnta Byrne as an mBord i mí na Samhna sa bhliain 2016 agus tháinig an Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll ina áit.

Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Iniúchta le hoifigigh ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i rith na bliana agus le cuntasóir an Údaráis i mí Aibreáin. Chuir an Coiste roinnt tuairiscí faoi bhráid an Bhoird maidir le ceisteanna éagsúla, lena n-áirítear:

- Éifeachtúlacht na gcóras inmheánach maidir le Rialú Airgeadais don bhliain 2015
- Cruinniú leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Athbhreithniú ar Iniúchadh Inmheánach ar an Údarás ón Roinn Dlí agus Cirt
- Nósanna Imeachta Airgeadais an Údaráis
- Moltaí i dtaca le hathbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhoird sa bhliain 2016.

# Léargas ar 2016

27,544 Duine Aonair Ceadúnaithe

Amhail deireadh na bliana

(2015: 28,781)

1,157 Conraitheoir Ceadúnaithe

Amhail deireadh na bliana

(2015: 1,006)

Ioncam ó Tháillí

€3,260,198

(2015: €2,713,087)

Seoladh an

Córas Athnuachana Ar Líne

1,068 Cás Forfheidhmithe

(2015: 1,098)

Ceadúnú Gnónna

Glasadóirí tugtha san áireamh

16,673 Iarratas Próiseáilte

(2015: 16,249)

40 Ball Foirne

(2015: 39)

# Plean Straitéiseach 2014 go dtí 2017

Seoladh an tríú plean straitéiseach de chuid an Údaráis don tréimhse 2014 go dtí 2017 i mí Meán Fómhair na bliana 2014. Tá sé mar aidhm ag an straitéis:

- na réimsí den tionscal slándála nach bhfuil rialaithe fós a rialú
- treo straitéiseach agus creat ama a leagan amach chun an obair seo a chríochnú
- cinntiú go bhfuil an t-infreastruchtúr cuí ag an Údarás chun córas rialála a chur ar fáil atá éifeachtúil agus éifeachtach do na hearnálacha nua agus na hearnálacha reatha sa tionscal.

Léiríodh sa Phlean Straitéiseach an creat faoinar fheidhmíomar sa bhliain 2016. D'fhorbraíomar plean gnó don bhliain tríd an bPlean Straitéiseach a úsáid a leag amach bealach chun ár gcuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Is iad seo a leanas na príomhspriocanna a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach:

**Sprioc 1: Leanúint orainn ag rialú an tionscail slándála príobháidí ar bhonn céimnithe.**

**Sprioc 2: Cinntiú go gcloítear leis na riachtanais cheadúnaithe.**

**Sprioc 3: Caighdeáin a ardú sa tionscal.**

**Sprioc 4: Caighdeán agus minicíocht chumarsáide a fheabhsú.**

**Sprioc 5: Foireann a fhorbairt.**

**Sprioc 6: Ról chigirí an Údaráis a láidriú i dtaca le maoirseacht deimhnithe.**

## Léargas ar 2016

Sprioc 1

Glasadóirí á Rialú

Sprioc 2

Cuairt Chomhlíontachta chuig beagnach 6,000 Gnó

Sprioc 3

Fóram Soláthróirí Traenála Bunaithe

Sprioc 4

Próifíl Meán Cumarsáide níos airde

2 Sheimineár Earnála

Sprioc 5

Cúrsaí curtha ar fáil don fhoireann ar fud réimse disciplíní

Sprioc 6


Creidiúnú ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú do Chaighdeáin PSA

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

## Sprioc 1: Leanúint orainn ag rialú an tionscail slándála príobháidí ar bhonn céimnithe.

**Dul chun cinn maidir le Rialú**

Rinneadh dul chun cinn maidir lenár spriocanna rialaithe i rith na bliana agus socraíodh an 1 Feabhra 2017 maidir le ceadúnú ar ghlasadóirí. Mar thoradh ar an leathnú ar cheadúnú do ghlasadóirí beidh 91% de Ghnónna ceadúnaithe sa bhliain 2017 chomh maith le 82% maidir le ceadúnú aonair.




**Fíor 1 Achoimre ar ghnónna sa tionscal a léiríonn iad siúd atá ceadúnaithe/le ceadúnú**


Sonraítear sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 8 seirbhís slándála a rialaíonn an tÚdarás mar seo a leanas:

- Maoirseoir Dorais
- Suiteálaí Fearas Slándála
- Glasadóir
- Bleachtaire Príobháideach
- Iad siúd a sholáthraíonn modhanna cosanta Iompair
- Comhairleoir Slándála
- Garda Slándála
- Soláthraithe nó Suiteálaithe Taisceadán

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

Leantar den obair ar an bPlean Straitéiseach, tá dul chun cinn maidir le cuid de na creata ama níos moille ná mar a bhí súil leis. Bhí sé mar aidhm faoin bPlean ceadúnú gnónna a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana 2015 agus ceadúnú aonair faoi dheireadh na bliana 2016. De bharr deacrachtaí acmhainne le linn thréimhse an Phlean níor éirigh linn cloí leis na gealltanais seo. Táthar ag dul i ngleic leis na deacrachtaí seo anois.

Áirítear ar chuid de na réimsí a bhfuil dul chun cinn déanta sa bhliain 2016, bunú córas athnuachana ar an idirlíon, ceadúnú glasadóirí agus obair leanúnach forbartha maidir le caighdeáin agus cáilíochtaí. Ba cheart go mbeadh sé d'acmhainn againn creat ama a fhógairt i dtaca leis na réimsí eile maidir le ceadúnú gnó i rith na bliana 2017 mar thoradh ar an obair seo agus acmhainní breise a cuireadh ar fáil dúinn don bhliain 2017. Tá sé mar aidhm againn freisin díriú go láidir ar na réimsí traenála agus cáilíochtaí chun ceadúnú sna réimsí Aonair atá fágtha a bhrú chun cinn.




**Fíor 2 Achoimre ar dhaoine aonair sa tionscal a léiríonn iad siúd atá ceadúnaithe/le ceadúnú**

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

**Ceadúnú Gnónna**

Ba 1,368 an líon iomlán ceadúnas a bhí ann ag deireadh na bliana, ardú ó 1,223 ag deireadh na bliana 2015. Ardú ó 733 sa bhliain 2015 go dtí 807 ag deireadh na bliana 2016 a bhí i gceist san earnáil slándála leictreonaí. Is féidir an fás leanúnach san earnáil a mhíniú tríd an obair leanúnach atá dírithe ar ghéilleadh don reachtaíocht. Ceadaíodh 67 gceadúnas breise do Bhleachtairí Príobháideacha, rud a chiallaíonn go bhfuil 131 conraitheoir ceadúnaithe san earnáil anois. Tháinig titim ar líon na gceadúnaithe i dtaca le Maoirseoirí Dorais (Áitreabh Ceadúnaithe) agus Gardaí Slándála. Tá fás i gcónaí ar líon na gconraitheoirí a bhfuil ceadúnas acu ó 1,006 ag tús na bliana go dtí 1,157 ag deireadh na bliana. Tá difríocht idir líon na gceadúnas atá ann agus líon na gconraitheoirí a bhfuil ceadúnas acu mar go bhfuil ceadúnas ag roinnt conraitheoirí i níos mó ná earnáil amháin.

€1,274,836 ba na táillí ceadúnais do chonraitheoirí don bhliain, i gcomparáid le €1,000,750 sa bhliain 2015. Is féidir an difríocht a mhíniú leis an timthriall ceadúnais a mhaireann dhá bhliain, rud a chiallaíonn go mbíonn níos mó ceadúnas á n-athnuachan sna blianta a chríochnaíonn le ré-uimhir. Is €1,271,113 an uimhir comhfhreagrach don bhliain 2014.

**Tábla 1 Comparáid idir Líon na gCeadúnas a Ceadaíodh sna hearnálacha éagsúla idir na blianta 2013 agus 2016**

| | **2013** | **2014** | **2015** | **2016** |
|---|---|---|---|---|
| **MAOIRSEOIR DORAIS (ÁITREABH CEADÚNAITHE)** | 61 | 64 | 55 | 52 |
| **MAOIRSEOIR DORAIS (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ)** | NÍ BHAINEANN | 27 | 44 | 47 |
| **GARDA SLÁNDÁLA (MONATÓIREACHT ALÁRAIM)** | 30 | 39 | 39 | 40 |
| **GARDA SLÁNDÁLA (MONATÓIREACHT TCI)** | NÍ BHAINEANN | 21 | 28 | 31 |
| **GARDA SLÁNDÁLA(SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ)** | NÍ BHAINEANN | 31 | 51 | 55 |
| **GARDA SLÁNDÁLA (SOCAIR)** | 204 | 214 | 202 | 199 |
| **SUITEÁLAÍ SLÁNDÁLA LEICTREONAÍ** | 600 | 666 | 733 | 807 |
| **AIRGEAD AR IOMPAR** | 7 | 7 | 7 | 6 |
| **BLEACHTAIRE PRÍOBHÁIDEACH** | NÍ BHAINEANN | NÍ BHAINEANN | 64 | 131 |
| **IOMLÁN** | **902** | **1,069** | **1,223** | **1,368** |

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

Glacadh le 579 n-iarratas ó chonraitheoirí i rith na bliana le 145 iarratas don chéad uair, 422 iarratas athnuachana, agus 12 iarratas chun earnáil a chur le ceadúnas reatha.

Athnuachaintí Ceadúnais

Bhí athnuachan déanta ar a gcuid ceadúnas ag 422 den 444 chonraitheoir a bhí ceaptha sin a dhéanamh faoi dheireadh na bliana. Tá an ráta neamhathnuachana de 5% ag titim i gcónaí mar thoradh ar ár gcuid idirghníomhaíochtaí le ceadúnaithe sula mbíonn orthu iad a athnuachan agus ní raibh ráta níos ísle ná sin riamh.

Diúltuithe agus Eitigh

Dhiúltaíomar do 11 (2%) iarratas i rith na bliana 2016, laghdú ó 7% sa bhliain 2015. Chuir 10 gcinn díobh seo iarratas bailí isteach ina dhiaidh sin. Diúltaíodh 4 iarratas mar nár shásaigh an t-iarratasóir na riachtanais cheadúnaithe. Rinneadh 5 achomharc maidir le cinntí conraitheora chuig an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach sa bhliain 2016.

Ceadúnais Shealadacha

Ghlacamar le 93 iarratas nua ar cheadúnais shealadacha sa bhliain 2015 agus d'eisíomar 91 iarratas sealadach. Sheolamar beartais nua i rith na bliana a raibh sé mar aidhm leo an tréimhse do cheadúnais shealadacha a laghdú. Léirítear sna chéad thorthaí go bhfuil ag éirí leis na beartais seo. Bhí 59 n-iarratas shealadacha ann ag deireadh na bliana.



**Seimineár do Ghlasadóirí, Baile Átha Cliath**

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

**Ceadúnú Aonair**

Sheolamar seirbhís athnuachana ar an idirlíon i mí na Bealtaine do dhaoine aonair mar chuid den phróiseas chun seirbhísí custaiméara a thabhairt cothrom le dáta. Faoi dheireadh na bliana, bhí 100% d'iarratais á bpróiseáil tríd an gcóras. Cuireann an tseirbhís athnuachana ar an idirlíon leis an tseirbhís chlárúcháin atá againn d'iarratasóirí atá ag iarraidh an chéad cheadúnas riamh.

Bhí 27,544 cheadúnas aonair ann ag deireadh mhí na Nollag, laghdú 1,237 ón mbliain 2015. Tháinig laghdú ar líon na gceadúnas do Ghardaí Slándála (Socair) ó 16,553 go dtí 15,558 agus tháinig ardú de 333 ar líon na gcomhcheadúnas do Mhaoirseoirí Dorais/Gardaí Slándála ó 6,787 sa bhliain 2015 go dtí 7,120 sa bhliain 2016. Lean líon na gceadúnas do Mhaoirseoirí Dorais ag titim ó 4,302 go dtí 3,942. Léirítear sa laghdú ar cheadúnais d'Airgead ar Iompar, an tionchar a d'imir sé nuair a d'fhág ceann de na soláthraithe an margadh i rith na bliana. Táimid ag tuar go dtiocfaidh ardú ar an bhfigiúr seo thar 1,000 go luath sa bhliain 2017 nuair a fhreagróidh na soláthraithe eile don imeacht.

**Tábla 2 Comparáid idir Líon na gCeadúnas a Ceadaíodh sna hearnálacha éagsúla idir na blianta 2013 agus 2016**

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| AIRGEAD AR IOMPAR | 687 | 1,050 | 1,139 | 924 |
| MAOIRSEOIR DORAIS (ÁITREABH CEADÚNAITHE) | 5,331 | 4,632 | 4,302 | 3,942 |
| GARDA SLÁNDÁLA (SOCAIR) | 17,869 | 15,639 | 16,553 | 15,558 |
| MAOIRSEOIR DORAIS/ GARDA SLÁNDÁLA LE CHÉILE | 5,352 | 6,360 | 6,787 | 7,120 |
| IOMLÁN | **29,239** | **27,681** | **28,781** | **27,544** |

€1,985,352 ar iomlán don bhliain a bhain le ceadúnais aonair i gcomparáid le €1,712,337 sa bhliain 2015. Is féidir cuid den difríocht a mhíniú leis an timthriall ceadúnais a mhaireann dhá bhliain, rud a chiallaíonn go mbíonn níos mó ceadúnas á n-athnuachan sna blianta a chríochaíonn le ré-uimhir. Míníonn seoladh an cheadúnais nua 3-bliana i mí na Nollag sa bhliain 2015, a raibh ardú beag ar tháillí mar thoradh air, cuid den difríocht freisin. Ba iad €1,591,191 na táillí comhfhreagracha sa bhliain 2014.

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

Iarratais ar Cheadúnais

Glacadh le 16,094 iarratas ar cheadúnais sa bhliain 2016, ardú 505 ón mbliain 2015. Ní raibh aon athrú ar an ráta diúltaithe ó 2015, is é sin 17%. Tá riachtanas suntasach acmhainní i gceist chun dul i ngleic le hiarratais dhiúltaithe agus mar chuid den phróiseas leanúnach nuachóirithe cuirfimid tús le próiseas bailíochtaithe ar an láthair d'iarratasóirí atá ag iarraidh ceadúnais don chéad uair. Tabharfaidh iarratasóirí a n-éiríonn leo a gcuid traenála a chríochnú, a n-iarratas chuig ionaid ainmnithe, chomh maith le cáipéisí tacaíochta, áit a ndéanfar sonraí a bhailíochtú sula ndéanfaidh an tÚdarás iad a phróiseáil. Ní bheidh gá ansin le hiarratais phoist chuig an Údarás agus ba cheart go dtiocfadh laghdú ar líon na ndiúltuithe.

Ó líon iomlán na n-iarratas bailí 13,363 ar glacadh leo, chuir 4,976 iarratasóir isteach ar cheadúnas don chéad uair, agus bhí 8,387 n-iarratas athnuachana ann. Tháinig ardú ar líon na n-iarratas a ndearnadh iad a phróiseáil go leictreonach ó 53% sa bhliain 2015 go dtí 87% sa bhliain 2016 de bharr sheoladh an chórais athnuachana ar an idirlíon.

**Tábla 3 Tionchar ag ceadú ceadúnas agus ceadúnais ag imeacht in éag sa bhliain 2016.**

| | Ceadúna is Imithe in Éag | Ceadúnais Athnuaite | Ceadúnais Neamh-Athnuaite | Ceadúnais a Ceadaíodh don Chéad Uair | Líon Iomlán na gCeadúnas a Ceadaíodh | Difríocht: Ceadúnais a Ceadaíodh Thar Cheadúnais Imithe in Éag |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2016** | **17,079 (100%)** | **9,660 (57%)** | **7,419 (43%)** | **4,861 (28%)** | **14,521 (85%)** | **-2,558 (-15%)** |

Mar a léirítear sa tábla thuas bhí líon na gceadúnas a ceadaíodh don chéad uair sa bhliain 2016 níos ísle ná an líon ceadúnas nach ndearnadh iad a athnuachan. Leanfaimid orainn ag glacadh le hathnuachaintí déanacha don bhliain 2015 isteach sa bhliain 2016 agus ba cheart go laghdódh sé seo an bhearna níos mó. Glacadh le 1,327 n-athnuachaintí don bhliain 2015 sa bhliain 2016, ní áirítear iad seo sa tábla thuas.

Diúltuithe agus Achomhairc

Dhiúltaíomar 110 iarratas ar cheadúnas i rith na bliana 2016 agus rinneadh achomharc in 16 chás díobh seo chuig an mBord Achomhairc Slándála Príobháidí. Níor socraíodh ach achomharc amháin sular tháinig deireadh le téarma an Bhoird Achomhairc i mí Aibreáin sa bhliain 2016. Níor ceapadh Bord nua Achomhairc faoi dheireadh na bliana.

# Dul Chun Cinn maidir lenár Spriocanna

## Sprioc 2: Cinntiú go gcloítear leis na riachtanais cheadúnaithe.

Is cuid lárnach dár gcuid oibre é a chinntiú go gcloítear leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí agus leis na rialacháin cheadúnaithe. Sa bhliain 2016, ba iad seo a leanas na baill ar ár bhfoireann forfheidhmithe, 12 chigire seachtracha lonnaithe ar fud na tíre, agus 10 ball foirne lonnaithe sa cheanncheathrú gur chigirí inchosanta iad agus iad ar fáil ar mhaithe le tograí iniúchta agus géillte. Tugann sé seo deis dúinn ár gcuid gníomhaíochtaí géillte a dhíriú agus gníomhú go tapa ar thuairiscí neamhghéillte.

Tá tuairiscí faisnéise a fhaightear ón tionscal agus ón bpobal tábhachtach i dtaca le neamh-ghéilleadh a chloí agus acmhainní cigireachta a dhíriú ar áit ar leith. Ghlacamar le 339 dtuairisc faisnéise sa bhliain 2016 i gcomparáid le 286 an bhliain roimhe sin. Níor fiosraíodh 24% de na cásanna ar glacadh leo mar gur fiosraíodh iad cheana, nó mar nach raibh dóthain faisnéise ann nó mar go raibh ceadúnas ag an gconraitheoir cheana. Nuair nach ndéanaimid tuairiscí faisnéise a fhiosrú, coinnítear an fhaisnéis agus má thagann tuilleadh tuairiscí faoin gceist chéanna déantar athbhreithniú orthu chun a dhéanamh amach ar cheart fiosrúchán a thosú.

Bhí an 257 dtuairisc faisnéise mar chuid den 1,068 gcás forfheidhmithe a hosclaíodh i rith na bliana. Is laghdú beag é seo ar an 1,098 gcás a hosclaíodh sa bhliain 2015.

<u>Géilleadh Conraitheoirí</u>
Thugamar faoi 123 iniúchadh ar chonraitheoirí sa bhliain 2016, thugamar cuairt ar cheadúnaithe chun a gcuid taifead a iniúchadh chun a chinntiú go raibh siad ag cloí leis na rialacháin cheadúnaithe. Inár dtuarascáil ón mbliain 2015, léiríomar imní faoin ardú ar neamh-ghéilleadh a haimsíodh sna hiniúchta seo. In ainneoin gur oibríomar leis na heagrais dheimhnithe agus gur sheolamar treoirlínte nua dóibh, tháinig ardú ar an ráta neamhghéillte sa bhliain 2016. Leanfaidh an tÚdarás ag obair leis na heagrais dheimhnithe ach beidh sé níos tábhachtaí dúinn sa bhliain 2017 múnla deimhnithe níos daingne a aimsiú a thacaíonn leis an timpeallacht rialála.

**Tábla 4 Rátaí Géillte Iniúchta Conraitheoirí**

| Torthaí | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|
| **% Géillte go hIomlán** | 51% | 40% | 35% |
| **% neamh-chomhréireachtaí Catagóir 1** | 31% | 44% | 53% |
| **% neamh-chomhréireachtaí Catagóir 2** | 7% | 8% | 8% |
| **% neamh-chomhréireachtaí Catagóir 3** | 3% | 4% | 3% |
| **% Iniúchtaí a Leanann go Fóill** | 8% | 4% | 1% |

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

Ceannaitheoirí Slándála

Ceann de na gnéithe tábhachtacha a bhaineann lenár gcuid oibre i dtaca le géilleadh ná a chinntiú go mbaineann ceannaitheoirí slándála leas as conraitheoirí agus daoine aonair atá ceadúnaithe agus sin amháin. Is í an chumhacht cliaint de chuid soláthraí seirbhísí slándála neamhcheadúnaithe a ionchúiseamh ceann de na bealaí is éifeachtaí chun a chinntiú go ngéilltear do riachtanais cheadúnaithe. Cuireadh deireadh le conarthaí/fostaíocht soláthraithe neamhcheadúnaithe in 51 cás as na 342 chás a fiosraíodh sa bhliain 2016.

Is acmhainn thábhachtach iad ár gcuid cigirí seachtracha i gcónaí agus cuireann siad lenár gcumas géilleadh do na rialacha a chinntiú ar fud na tíre. Leanadar orthu ag díriú ar shlándáil leictreonach agus tugadh cuairt ar bhreis is 5,800 áitreabh gnó i rith na bliana. Chomh maith lena chinntiú go gcloítear leis na rialacha, tá ról tábhachtach ag na cigirí i dtaca le teachtaireacht an Údaráis a scaipeadh chuig lucht gnó.

Géilleadh Daoine Aonair

Maidir le géilleadh daoine aonair, is í an phríomhaidhm ná a chinntiú go bhfuil siad siúd a sholáthraíonn seirbhísí slándála ceadúnaithe agus go gcaitear suaitheantais aitheantais. Sa bhliain 2016, thugamar faoi 1,333 iniúchadh gan choinne ar 173 láthair ar fud na tíre. Cuairteanna chuig áitribh cheadúnaithe agus siopaí miondíola a bhí i gceist leis an gcuid is mó de na hiniúchtaí, chomh maith le roinnt gnónna eile. Rinneadh roinnt comhiniúchta le háisíneachtaí eile freisin i rith na bliana, lena n-áirítear An Garda Síochána. Bhí 96% de dhaoine aonair a ndearnadh iniúchadh orthu ceadúnaithe agus na suaitheantais aitheantais á gcaitheamh acu.

**Tábla 5 Sonraí Iniúchta Aonair don bhliain 2016**

| Sonraí | Maoirseoir Dorais | Garda Slándála | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Láithreacha Iniúchta** | 104 | 69 | 173 |
| **Áitribh ar tugadh cuairt orthu** | 713 | 620 | 1,333 |
| **Áitribh le Slándáil** | 506 | 510 | 1,016 |
| **Iad siúd - - Conraitheoirí** | 246 | 423 | 669 |
| **- - Inmheánach** | 252 | 57 | 309 |
| **- - Meascán** | 12 | 30 | 42 |
| **Foireann Slándála ar Casadh Leo** | 816 | 856 | 1,672 |
| **Géilleadh do Shuaitheantais Aitheantais** | 97% | 96% | 96% |

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

Gníomhaíochtaí Géillte

Tá réimse gníomhaíochtaí géillte ar fáil dúinn nuair a sháraíonn conraitheoir nó duine aonair na rialacha. Áirítear leo seo; ionchúiseamh, ceadúnais a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, nó fógra forfheidhmithe a eisiúint. Sa bhliain 2016, bhí ionchúiseamh amháin sna cúirteanna againn a bhí curtha siar ón mbliain 2015. Ina theannta sin, tarraingíodh siar ceadúnais ó 3 chonraitheoir agus ó 4 dhuine aonair agus cuireadh ceadúnas duine aonair amháin ar fionraí ar feadh tréimhse áirithe. Eisíodh 64 fhógra forfheidhmithe i rith na bliana.

De réir na bhforálacha in Alt 39 den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, is féidir gearán oifigiúil a dhéanamh in aghaidh ceadúnaithe. Sa bhliain 2016, glacadh le 16 de na gearáin seo. Tarraingíodh siar 4 chás ina dhiaidh sin. Níor sheas an tÚdarás leis na gearáin in 7 gcás agus sheas an tÚdarás le gearán amháin. Bhí 4 chás fós á bhfiosrú faoi dheireadh na bliana.

Comhoibriú Idir Áisíneachtaí

Is gné thar a bheith tábhachtach dár gcuid oibre é comhoibriú le háisíneachtaí eile. Tá traidisiún láidir againn a bheith ag obair leis an nGarda Síochána agus leis na Coimisinéirí Ioncaim. Shíníomar Meamram Tuisceana i mbliana leis an gCoimisiún um Chaidrimh sa Láthair Oibre a cheadaíonn eolas a roinnt idir an dá áisíneacht agus tabhairt faoi iniúchtaí i gcomhar.



**Príomhfheidhmeannach an Údaráis, Paul Scallan agus Pádraig Dooley, Stiúrthóir agus Príomhchigire Saothair an Choimisiúin um Chaidrimh sa Láthair Oibre**

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

## Sprioc 3: Caighdeáin a ardú sa tionscal.

**Caighdeáin**

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar cheadúnú glasadóirí i mí Feabhra na bliana 2016, foilsíodh caighdeáin don earnáil, Riachtanais Cheadúnaithe an ÚSP - Glasadóir (PSA 55:2016) i mí Mheán Fómhair. Ar an 4 Iúil, 2016, shínigh an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt na rialúcháin lenar leagadh síos an 1 Feabhra 2017 mar an dáta a thosódh ceadúnú glasadóirí. Foilsíodh treoirlínte a thacaigh leis na riachtanais nua ceadúnaithe freisin.

Tosaíodh ar chaighdeáin nua a fhorbairt don earnáil Rialachán Rochtana sa dara leath den bhliain le cuspóir próiseas comhairliúchán poiblí a reáchtáil maidir leis an gcáipéis go luath sa bhliain 2017.

**Traenáil**

Reáchtáladh an cruinniú deireanach den Ghrúpa Oibre ar thraenáil do Mhaoirseoirí Dorais agus Gardaí Slándála i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2016. Cheadaigh an grúpa cláir nua traenála do Ghardaí Slándála, Maoirseoirí Dorais agus foireann Slándála Imeachtaí. Reáchtálfaidh Caighdeáin agus Cáilíochtaí Éireann próiseas comhairliúcháin phoiblí faoi na cláir go luath sa bhliain 2017 agus leagfaidh an tÚdarás amach creat ama maidir leis an traenáil nua a thosú ina dhiaidh sin.

Bunaíodh Fóram do Sholáthraithe Traenála chun teagmháil agus cumarsáid idir an tÚdarás agus soláthraithe traenála a fheabhsú. Reáchtáladh an chéad chruinniú den Fhóram i bPort Laoise i mí Meán Fómhair. Bunaíodh an Fóram mar fhreagra ar imní nach raibh an traenáil d'iarratasóirí ar chaighdeán sásúil.

Shínigh an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt na rialúcháin a thug feidhm do na riachtanais nua traenála d'Fhostaithe Airgead ar Iompar (PSA 51:2016) an 21 Nollaig 2016.

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

## Sprioc 4: Caighdeán agus minicíocht chumarsáide a fheabhsú.

Leanamar orainn ag cur feabhas ar ár bpróifíl cumarsáide i rith na bliana. Rinneamar fógraíocht ar níos mó stáisiún raidió ná mar a rinneamar cheana agus chuireamar fógraí dírithe ar an tionscal dírithe ar leasanna earnála, lena n-áirítear tógáil agus seirbhísí dlí. Leanamar orainn ag cur amach preasráitis, irisí idirlín agus nuachtlitreacha forfheidhmithe i rith na bliana agus d'fhreagraíomar roinnt iarratas ar agallaimh agus ábhar nuachta. Coinníonn an córas nua athnuachana ar an idirlíon taifead de na seoltaí ríomhphoist ó na hiarratasóirí ar fad agus beidh sé seo úsáideach ar mhaithe le cúrsaí cumarsáide le ceadúnaithe amach anseo.




**PSA Watch, iris an Údaráis**

Gné thábhachtach den chreat cumarsáide atá againn ná an caidreamh atá againn leis na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tionscal, an pobal agus eagrais phoiblí eile. Leanamar orainn ag freastal ar réimse imeachtaí agus ag glacadh páirte iontu ar fud na tíre, lena n-áirítear ceardlanna, taispeántais, seimineáir agus comhdhálacha. Reáchtálamar dhá sheimineár eolais do ghlasadóirí i mí na Samhna sa bhliain 2016 sular tosaíodh ar an earnáil sin a cheadúnú, rud a bheidh éigeantach an 1 Feabhra 2017. Rinneadh freastal maith ar an dá imeacht le rannpháirtíocht láidir ó na daoine a bhí i láthair.

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

## Sprioc 5: Foireann a fhorbairt.

Táimid tiomanta tacú le forbairt na foirne agus spreagtar an fhoireann chun a bheith rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna agus traenála.  Déantar athbhreithniú ar riachtanais thraenála a aithníonn an fhoireann fhéin mar chuid den Chóras Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta agus cuirtear cúrsaí feiliúnacha ar fáil de réir mar a lorgaítear iad.

Spreagtar an fhoireann chun a bheith rannpháirteach maidir le reáchtáil an Údaráis agus tá siad páirteach i gcoistí éagsúla a mbíonn cúrsaí Fuinnimh, Sláinte agus Sábháilteachta agus ábhar idirlín idir láimhe acu.  Tá deis ag an bhfoireann tionchar a imirt ar phleananna bliantúla gnó freisin agus freastalaíonn an fhoireann sna réimsí ar fad ar chruinnithe rannáin i rith na bliana.

Tá polasaí forbartha ag an Údarás i dtaca le nochtadh cosanta chun an fhoireann a chosaint má theastaíonn uathu imní a léiriú.  Ní dhearnadh tuairisc ar bith de réir an Pholasaí sa bhliain 2016.

# Dul chun cinn maidir lenár Spriocanna

## Sprioc 6: Ról chigirí an Údaráis a láidriú i dtaca le maoirseacht deimhnithe.

I dtuarascáil na bliana 2015 thugamar suntas do na deacrachtaí a bhí againn i dtaca le rátaí géillte de 40% maidir le hiniúchtaí conraitheoirí  Mar a luaitear i Sprioc 2, thit an ráta géillte go dtí 35% i mbliana.  Ós rud é go dtugann eagras deimhnithe cuairt bhliantúil ar gach conraitheoir, tá imní ar an Údarás fós faoin ráta íseal géillte d'iniúchta an Údaráis.

Leanamar orainn i mbliana ag díriú ar an bpróiseas iniúchta a fheabhsú agus córas maoirseachta a fhorbairt, rud a thabharfaidh athdhearbhú maidir le caighdeán na n-iniúchtaí a dhéantar faoin gcóras rialála. Bronnadh creidiúnú orainn ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú i leith na gcaighdeáin ar baineadh leas astu do Mhaoirsiú Dorais, Slándáil Imeachtaí, Gardaí Slándála agus Bleachtairí Príobháideacha.  Beidh ar na heagrais cheadúnaithe ar fad na caighdeáin seo a chur lena gcuid creidiúnaithe agus is féidir leis an mBord iniúchadh a dhéanamh orthu mar chuid dá gcreidiúnú.

Táimid ag obair chun an próiseas deimhnithe a láidriú tuilleadh agus a chomhnascadh le creat géillte an Údaráis. Murar féidir leis an múnla reatha deimhnithe tacú leis an gcóras rialála, tabharfar isteach múnla nua deimhnithe.

# Ráitis Airgeadas

# an Údaráis Slándála Príobháidí

# Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

**AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

## RÁITIS AIRGEADAIS
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016**

## CLÁR — LCH


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Dualgais Bhaill an Údaráis | 29 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais | 30 - 31 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Áirithe Ioncaim | 32 |
| Ráiteas maidir leis an Seasamh Airgeadais | 33 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid | 34 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 35 - 41 |

## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## RÁITEAS MAIDIR LE DUALGAIS BHAILL AN ÚDARÁIS

De réir Sceideal 1 (4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004, is gá don Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealaí a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt. Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, is gá don Údarás:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais ach amháin má tá sé mí-chuí talamh slán a dhéanamh de go gcoinneoidh an tÚdarás air ag feidhmiú.
- A lua gur cloíodh leis na caighdeáin infheidhme cuntasaíochta, de réir aon athrú ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá dualgas ar an Údarás taifid fhónta chuntasaíochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am faoi leith, seasamh airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar chumas an Údaráis a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le Sceideal 1 (4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a gcuid acmhainní a chosaint agus dá réir as beartais réasúnta a dhéanamh i dtaca le caimiléireacht agus mí-rialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 29/05/17

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 29/05/17

## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann an Údaráis Slándála Príobháidí, tugaimid aitheantas dár gcuid dualgas maidir lena chinntiú go bhfuil córas inmheánach cuí rialaithe airgeadais ag feidhmiú san Údarás.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm san Údarás réasúnta agus cuí do chúinsí an Údaráis i dtaca le méid, caiteachas, acmhainní foirne agus na cineálacha gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun acu. Ní thugann na córais, áfach, agus ní féidir leo dearbhú iomlán a thabhairt in aghaidh botúin ábhartha.

Tá Cód Rialachais ag an Údarás, a chuimsíonn na treoirlínte ón Roinn Airgeadais agus tá an Cód curtha faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt.

Faigheann Bord an Údaráis tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh, a thugann mionchuntas ar chaiteachas gach mí chomh maith le hioncam. Déanann an Bord athbhreithniú air seo ag gach cruinniú.

Is é Bord an Údaráis a thógann cinntí tábhachtacha straitéiseacha agus tagann siad le chéile go rialta chun súil a choinneáil ar fheidhmíocht agus pleananna. Ní ghníomhaíonn an bhainistíocht fheidhmiúcháin ach le húdarás a thugann Bord an Údaráis dóibh chun feidhm a thabhairt do pholasaí agus do chinntí an Bhoird.

Cinntíonn an tÚdarás go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtais maille le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ngéilltear do na treoirlínte cuí ar fad.

Tá lámhleabhar cuimsitheach maidir le nósanna imeachta ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm. Tá an t-ioncam faoi réir réitigh iomlán agus nuair is féidir, roinntear dualgais foirne go cuí chun aon bhaol agus an líon teoranta foirne a thabhairt san áireamh. Tá na nósanna imeachta sonracha seo a leanas i bhfeidhm chun rialú éifeachtach airgeadais a chinntiú.

1. Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm chun earraí agus seirbhísí a cheannach, chun sonraisc a cheadú i dtaca le hearraí agus seirbhísí agus íocaíochtaí a cheadú i dtaca le hearraí agus seirbhísí. Neartaítear nósanna imeachta i dtaca leis seo ó am go chéile agus cuirtear moltaí ó iniúchtaí inmheánacha i bhfeidhm.

2. Déantar cuntais agus buiséid a ullmhú i rith na bliana. Ag gach cruinniú den Bhord, déanann Bord an Údaráis athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta. Tá córas ríomhairithe cuntasaíochta i bhfeidhm ag an Údarás, agus is féidir leis an gcóras réimse leathan eolais a chur ar fáil maidir le cúrsaí airgeadais agus cuntasaíochta.

3. Déantar buiséid a ullmhú maidir le gach bliain agus déantar ráitis airgeadais agus caiteachais a ullmhú gach mí ar mhaithe lena gcur i gcomparáid le figiúirí buiséadaithe.

4. Ní mór an táille chuí ceadúnaithe a bheith in éineacht le gach iarratas ar cheadúnas, nó seoltar an t-iarratas iomlán ar ais chuig an iarratasóir. Cinntíonn cumraíocht agus sreabhadh oibre na mbunachar sonraí faoi seach nach féidir ceadúnas conraitheora ná ceadúnas duine aonair a eisiúint ach amháin má tá an táille chuí luaite san áit cheart. Tá lorg de na hiniúchtaí a rinneadh cheana ag na bunachair sonraí faoi seach agus déanann an bainisteoir rannáin athbhreithniú rialta ar an sreabhadh oibre.

5. Is féidir le rannán iniúchta inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais. Rinne rannán iniúchta inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt iniúchadh ar an Údarás i mí Aibreáin sa bhliain 2017, a thug dearbhú dearfach don Oifigeach Cuntasaíochta agus don Údarás maidir le sásúlacht agus éifeachtúlacht an chórais inmheánach rialaithe airgeadais.

6. Cuirtear straitéis bainistíochta riosca i bhfeidhm agus déantar monatóireacht uirthi trí Chlár Bainistíochta Riosca. Déantar athbhreithniú ar an gClár ag gach cruinniú den Bhord.

7. Tá Coiste Iniúchta ag Bord an Údaráis, a dhéanann athbhreithniú ar iniúchta inmheánach agus an litir bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus freagra na bainistíochta. Buaileann sé le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ceal bainistíochta de réir mar is cuí) chun torthaí an iniúchta seachtraigh a phlé.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh i dtaca le rialú airgeadais don bhliain 2016.

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 29/05/17

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 29/05/17

**AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

## RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS TUILLEAMH ÁIRITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

| | Nótaí | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | | **2,681,444** | | 2,315,542 |
| Táillí Ceadúnaithe | 3 | | **3,169,951** | | 2,623,393 |
| | | | **5,851,395** | | 4,938,935 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | 9 | | **(59,014)** | | (74,063) |
| | | | **5,792,381** | | 4,864,872 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Costais Foirne | 4 | **1,832,153** | | 1,739,723 | |
| Riarachán | 5 | **803,365** | | 516,061 | |
| Caiteachas Iomlán | | **2,635,518** | | 2,255,784 | |
| Barrachas don bhliain roimh íocaíochtaí | | | **3,156,863** | | 2,609,088 |
| Íocaíochtaí chuig an Roinn Dlí agus Cirt | 3 | | **(3,240,000)** | | (2,388,562) |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | | | **(83,137)** | | 220,526 |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh** | | | **355,242** | | 134,716 |
| **Barrachas an 31 Nollaig** | | | **272,105** | | 355,242 |

**Áirítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Áirithe Ioncaim na sochair agus na dochair a aithníodh sa bhliain. Is cuid thábhachtach de na ráitis airgeadais an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus nótaí 1 go dtí 18**

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 29/05/17

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 29/05/17

## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## RÁITEAS MAIDIR LEIS AN SEASAMH AIRGEADAIS AN 31 NOLLAIG 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **ACMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **6** | | **142,140** | | 6,185 |
| Acmhainní seasta faoi fhorbairt | **6A** | | - | | 76,941 |
| | | | | | |
| **ACMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Infhála | **7** | **8,365** | | 9,398 | |
| Banc agus airgead tirim | | **271,813** | | 348,465 | |
| Fardal | | **7,539** | | 5,496 | |
| | | | **287,717** | | 363,359 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Iníocaíochtaí | **8** | | **15,612** | | 8,117 |
| | | | | | |
| **GLAN-ACMHAINNÍ REATHA** | | | **272,105** | | 355,242 |
| | | | | | |
| **GLAN-ACMHAINNÍ IOMLÁN** | | | **414,245** | | 438,368 |
| | | | | | |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | **9** | | **142,140** | | 83,126 |
| Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Áirithe | | | **272,105** | | 355,242 |
| | | | **414,245** | | 438,368 |

**Is cuid thábhachtach de na ráitis airgeadais an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus nótaí 1 go dtí 18**

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 29/05/17

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 29/05/17

**AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

**RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016**

| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí feidhmiúcháin** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| (Easnamh)/barrachas feidhmiúcháin don bhliain | **(83,137)** | 220,526 |
| Dí-mheas Acmhainní Inláimhsithe | **29,782** | 2,878 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | **59,014** | 74,063 |
| Ardú ar Fhardal | **(2,043)** | (37) |
| Ísliú ar Infhála | **1,033** | 8,188 |
| Ardú ar iníocaíochtaí | **7,495** | 279 |
| Caillteanas ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealamh | **2,795** | - |
| | ------------- | ------------- |
| **Glan-sreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí feidhmiúcháin** | **14,939** | 305,897 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | **(91,591)** | (76,941) |
| **(Laghdú)/méadú ar airgead tirim agus a chomhionnainn** | **(76,652)** | 228,956 |
| | ========== | ========= |

**RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLAN-MHAOINIÚ**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glan-mhaoiniú an 1 Eanáir | **348,465** | 119,509 |
| Glan-mhaoiniú an 31 Nollaig | **271,813** | 348,465 |
| (Laghdú)/méadú ar Airgead Tirim | **(76,652)** | 228,956 |
| | ========= | ======== |

**Is cuid thábhachtach de na ráitis airgeadais nótaí 1 go dtí 18**

Mr. Paul Scallan
Chief Executive: Date: 29/05/17

Mr. Noel Lappin
Chairperson: Date: 29/05/17

AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016**

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Léirítear thíos an bunús cuntasaíochta agus polasaithe suntasacha cuntasaíochta. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus an bhliain roimhe sin.

### A. EOLAS GINEARÁLTA

Bunaíodh an tÚdarás Slándála Príobháidí faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004, le príomhoifig i mBaile Thiobraid Árann. Is Aonán Leasa Poiblí é an tÚdarás Slándála Poiblí.

### B. RÁITEAS GÉILLTE

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Slándála Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar a d'fheidhmigh Cuntasóirí Cairte Éireann Is iad seo an dara sraith ráiteas airgeadais de chuid an Údaráis a hullmhaíodh de réir FRS 102.

### C. BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin nuair a luaitear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go forleathan faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus mar a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt.

### D. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Aithnítear ioncam ó tháillí ceadúnais sa tréimhse a cheadaítear an ceadúnas cuí. Seoltar ioncam ó tháillí ceadúnais gach mí mar leithghabhálacha cúnaimh i gcuntas leithghabhálacha na Roinne Dlí agus Cirt, bunaithe ar an méid a tháinig isteach san Údarás sa mhí roimhe sin.

### E. DEONTAIS OIREACHTAIS

Áirítear iad seo de réir mar a thagann airgead tirim isteach. Áirítear sna deontais Oireachtais maoiniú a thugann Vóta na Roinne Dlí agus Cirt don Údarás tríd íocaíochtaí díreacha tuarastail agus costais riaracháin ón Roinn.

**F. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍ-MHEAS**

Léirítear maoin, gléasra agus trealamh ag luach costais, nó luach margaidh measta, lúide dí-mheas cnuasaithe.

Tá acmhainní seasta dí-mheasta ar bhonn líne-díreach thar an tréimhse measta fóntachta ag tosú an mhí a gcuirtear an acmhainn in úsáid.

| | |
|---|---|
| Troscán agus fearais | 10% |
| Trealamh Teicneolaíochta Faisnéise | 20% |
| Córas athnuachana ar an idirlíon | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| **2. DEONTAS OIREACHTAIS** | | |
| Fotheideal B16 de Vóta 24 - Dlí agus Ceart - do thuarastal agus costais ghinearálta riaracháin | **2,681,444** | 2,315,542 |

**3. TÁILLÍ CEADÚNAIS**

Timthriall dhá-bhliain atá sa timthriall ceadúnaithe le hathnuachan dlite maidir le tromlach na gconraitheoirí sa chéad bhliain agus athnuachan dlite maidir le tromlach na ndaoine aonair sa dara bhliain. Tá níos mó iarratasóirí aonair ann ach tugann siad níos lú ioncaim isteach ó tháillí ceadúnais. Athraíonn ioncam an Údaráis dá bharr, de réir an timthriaill cheadúnaithe.

**Íocaíochtaí chuig an Roinn Dlí agus Cirt**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnais faighte sa tréimhse roimhe atá dlite le n-íoc ag tús na bliana | **348,265** | 119,309 |
| Táillí bainc sa bhliain | **(6,603)** | (5,875) |
| Ioncam ó tháillí ceadúnais sa bhliain | **3,169,951** | 2,623,393 |
| Íoctha chuig an Roinn Dlí agus Cirt | **(3,240,000)** | (2,388,562) |
| Suim atá dlite le híoc ag deireadh na bliana | **271,613** | 348,265 |

## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### 4. COSTAIS FOIRNE

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal agus pá | **1,747,559** | 1,656,009 |
| Taisteal agus costais mhaireachtála | **84,594** | 83,714 |
| | **1,832,153** | 1,739,723 |

Bhí 40 ball foirne fostaithe san Údarás ag 31 Nollaig 2016 (2015: 39).

***(a) Miondealú ar shochar fostaithe***

**Réimse sochar iomlán fostaithe**

| Ó | | Chuig | Líon Fostaithe 2016 | Líon Fostaithe 2015 |
|---|---|---|---|---|
| €60,000 | - | €69,999 | 2 | 1 |
| €70,000 | - | €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 | - | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | 0 | 0 |

### 5. RIARACHÁN

| | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Oifige | **75,905** | 75,615 |
| Seirbhísí comhairliúcháin | **85,631** | 34,730 |
| Táillí bhaill an Údaráis | **58,140** | 58,053 |
| Costais Dlí | **69,176** | 21,265 |
| Costais Chumarsáide | **63,360** | 55,243 |
| Costais Cheadúnaithe | **112,495** | 89,136 |
| Fógraíocht | **139,679** | 100,169 |
| Dí-mheas | **29,782** | 2,878 |
| Táille iniúchta | **18,776** | 11,001 |
| Táille Cuntasaíochta | **4,612** | 4,612 |
| Deisiú agus cothabháil | **4,208** | 3,939 |
| Cigirí Seachtracha | **41,250** | 28,800 |
| Forbairt Teicneolaíochta Faisnéise neamh-chaipitlithe | **25,387** | - |
| Costais eile Teicneolaíochta Faisnéise | **41,082** | - |
| Eile | **33,882** | 30,620 |
| | **803,365** | 516,061 |

## 6. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Troscán & Fearais | Teicneolaíocht Faisnéise | Ar an idirlíon Córas Athnuacha | Oifig Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **COSTAS** | | | | | |
| An 1 Eanáir | 9,632 | 509,359 | - | 33,644 | 552,635 |
| Aistriú ó acmhainní faoifhorbairt | - | - | 76,941 | - | 76,941 |
| Sínte | - | 6,558 | 85,033 | - | 91,591 |
| Diúscairt | (2,710) | (6,590) | - | - | (9,300) |
| **An 31 Nollaig** | **6,922** | **509,327** | **161,974** | **33,644** | **711,867** |
| **DÍ-MHEAS CNUASAITHE** | | | | | |
| An 1 Eanáir | 8,489 | 506,440 | - | 31,521 | 546,450 |
| Táille don bhliain | 665 | 391 | 27,920 | 806 | 29,782 |
| Diúscairtí | (2,475) | (4,030) | - | - | (6,505) |
| **An 31 Nollaig** | **6,679** | **502,801** | **27,920** | **32,327** | **569,727** |
| **GLAN-LUACH DE RÉIR NA LEABHAR** | | | | | |
| **An 31 Nollaig** | **243** | **6,526** | **134,054** | **1,317** | **142,140** |
| | ===== | ===== | ====== | ===== | ====== |
| **An 1 Eanáir** | **1,143** | **2,919** | **-** | **2,123** | **6,185** |
| | ===== | ===== | ====== | ===== | ===== |

## 6A. ACMHAINNÍ FAOI FHORBAIRT

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| An 1 Eanáir | **76,941** | - |
| Caiteachassabhliain | **-** | 76,941 |
| Aistrithechuigmaoin, gléasraagustrealamh | **(76,941)** | - |
| | ---------------- | --------------- |
| An 31 Nollaig | - | 76,941 |
| | ======= | ======= |

## 7. INFHÁLA

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Réamhíocaíochtaí | **8,365** | 9,398 |
| | ======== | ======== |

## 8. IN-ÍOCAÍOCHTAÍ

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Táille Iniúchta | **11,000** | 3,225 |
| Táille cuntasaíochta | **4,612** | 4,612 |
| Táillí Dlí | **-** | 280 |
| | ---------- | ---------- |
| | **15,612** | 8,117 |
| | ======== | ======== |

## 9. CUNTAS CAIPITIL

| | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Iarmhéid Tosaigh | | **83,126** | | 9,063 |
| Sínte | **91,591** | | 76,941 | |
| Diúscairtí | **(2,795)** | | **-** | |
| Amúchadh | **(29,782)** | | (2,878) | |
| Aistriú ó Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas | | **59,014** | | 74,063 |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | | **142,140** | | 83,126 |

## 10. COSTAIS LIÚNTAS SCOIR

Tá foireann iomlán an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin leis an Aoisliúntas Vóta 12 agus níl foráil ar bith sna ráitis airgeadais seo i dtaca leis na costais seo.

## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### 11. BORD ACHOMHAIRC UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach chun éisteacht le hachomhairc in aghaidh chinntí an Údaráis agus breithiúnas a thabhairt orthu. Tá Cathaoirleach agus triúr ball ar an mBord Achomhairc. Ceapann an Rialtas an Bord Achomhairc agus tá siad neamhspleách ar an Údarás. Seasann an Roinn Dlí agus Cirt na costais a thabhaíonn an Bord agus ní léirítear iad i ráitis airgeadais an Údaráis.

### 12. TOBHACH PINSIN

Is iad oll-chostais an Údaráis don tréimhse iad costais tuarastail a áirítear sa chuntas seo. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí tobhaigh agus áirítear iad mar Leithghabhálacha Cúnaimh don Roinn sin, de réir na bhforálacha in Alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009).
€63,719 a bhí sa tsuim seo sa bhliain 2016 (2015: €86,886).

### 13. NOCHTUITHE PHÁIRTITHE GAOLMHARA

Féach nóta 15 do mhiondealú ar tháillí bhaill an bhoird agus costais iomlána taistil agus maireachtála. De réir an Chóid Cleachtais do Rialú Eagras Stáit, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an údarás i dtaca le nochtadh leasanna maidir le Baill an Bhoird agus le fostaithe. Sonraítear treoirlínte sna cóid seo i dtaca le nochtadh leasanna Bhaill an Bhoird agus chloí Baill an Bhoird leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ní dhearnadh aon bheart i rith na bliana i dtaca le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas fóinteach ag baill ann.

### 14. NÓTA CÓIRÍOCHTA

Gníomhaíonn an tÚdarás ó chóiríocht ar Shráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann a thugann Oifig na nOibreacha Poiblí saor in aisce.

## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### 15. TÁILLÍ BHAILL AN BHOIRD

Íocadh táillí €58,140 le baill an Bhoird sa bhliain 2016 (2015: €58,140) mar seo a leanas:

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| **Ainm** | **€** | **€** |
| Noel Lappin (Cathaoirleach) | **11,970** | 11,970 |
| Padraic Cafferty | **7,695** | 7,695 |
| Arthur Hall | **7,695** | 7,695 |
| Geraldine Kelly | **7,695** | 7,695 |
| Freda O' Dowd | **7,695** | 7,695 |
| Christy Waters | **7,695** | 7,695 |
| Ann Reid | **7,695** | 7,695 |
| Marion Walsh | - | - |
| Helen Curley | - | - |
| Derek Byrne | - | - |
| Mary Kinane | - | - |
| John O' Driscoll | - | - |
| | **58,140** | 58,140 |

D'éirigh an Coimisinéir Cúnta Byrne as an mBord i mí na Samhna sa bhliain 2016 nuair a chuaigh sé ar scor ón nGarda Síochána agus tháinig an Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll ina áit. Íocadh costais taistil agus maireachtála €3,487 le baill an bhoird maidir le 2016 (2015: €1,459) de réir rátaí costais maireachtála sa tseirbhís phoiblí.

### 16. ÍOCAÍOCHT AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Íocadh buntuarastal bliantúil €85,614 leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2016. (2015: €83,870) Ina theannta sin fuair an Príomhfheidhmeannach €9,486 i dtaca le costais taistil agus maireachtála sa bhliain 2016 (2015: €7,477) de réir rátaí costais taistil agus maireachtála sa tseirbhís phoiblí. Ní bhíonn aon chearta breise pinsin i gceist taobh amuigh de na gnáthchearta sa scéim aoisliúntais um shochair shainithe san earnáil phoiblí. Níor íocadh aon íocaíochtaí feidhmíochta sa bhliain 2016.

### 17. TÁILLÍ FORFHEIDHMITHE

Áirítear fíneálacha neamhghéillte maidir le rialacháin an Údaráis sna táillí forfheidhmithe agus bhí suim de €0 i gceist sa bhliain 2016 (2015: €1,537). Áirítear na táillí seo san ioncam ó tháillí ceadúnais.

### 18. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an tÚdarás na cuntais seo an 29/05/17

# AGUISÍNÍ

## *Aguisín 1 - Tuairiscí Staitistiúla*


| Tuairisc 1 - Líon na gCeadúnas Aonar Eisithe ar an 31 Nollaig 2016 maidir le Contae agus Inscne | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Contae | Maoirseoir Dorais | Garda Slándála | Earnálacha Gardaí Slándála agus Maoirseoirí Dorais Araon | Airgead ar Iompar | Iomlán | Fir | Mná |
| Ceatharlach | 64 | 143 | 68 | 6 | **281** | 267 | 14 |
| An Cabhán | 39 | 143 | 101 | 8 | **291** | 272 | 19 |
| An Clár | 121 | 255 | 91 | 10 | **477** | 443 | 34 |
| Corcaigh | 453 | 1,222 | 797 | 65 | **2,537** | 2,347 | 190 |
| Dún na nGall | 156 | 125 | 114 | 1 | **396** | 366 | 30 |
| Baile Átha Cliath | 1,036 | 7,542 | 2,515 | 393 | **11,486** | 10,879 | 607 |
| Gaillimh | 250 | 441 | 449 | 53 | **1,193** | 1,121 | 72 |
| Ciarraí | 144 | 240 | 220 | 1 | **605** | 576 | 29 |
| Cill Dara | 152 | 881 | 301 | 57 | **1,391** | 1,324 | 67 |
| Cill Chainnigh | 58 | 133 | 69 | 4 | **264** | 254 | 10 |
| Laois | 71 | 242 | 150 | 16 | **479** | 452 | 27 |
| Liatroim | 26 | 36 | 42 | 2 | **106** | 100 | 6 |
| Luimneach | 204 | 781 | 289 | 62 | **1,336** | 1,285 | 51 |
| An Longfort | 29 | 105 | 103 | 2 | **239** | 222 | 17 |
| Lú | 130 | 423 | 190 | 18 | **761** | 731 | 30 |
| Maigh Eo | 149 | 273 | 173 | 6 | **601** | 561 | 40 |
| An Mhí | 136 | 545 | 218 | 43 | **942** | 899 | 43 |
| Muineachán | 42 | 69 | 110 | 16 | **237** | 217 | 20 |
| Uíbh Fhailí | 67 | 205 | 111 | 6 | **389** | 364 | 25 |
| Ros Comáin | 48 | 118 | 77 | 6 | **249** | 231 | 18 |
| Sligeach | 66 | 123 | 88 | 24 | **301** | 290 | 11 |
| Tiobraid Árann | 109 | 308 | 166 | 8 | **591** | 553 | 38 |
| Port Láirge | 103 | 297 | 195 | 31 | **626** | 609 | 17 |
| An Iarmhí | 63 | 259 | 117 | 6 | **445** | 428 | 17 |
| Loch Garman | 106 | 253 | 184 | 11 | **554** | 525 | 29 |
| Cill Mhantáin | 77 | 358 | 155 | 29 | **619** | 597 | 22 |
| Tuaisceart Éireann | 43 | 34 | 22 | 40 | **139** | 122 | 17 |
| An Bhreatain Mhór (seachas Tuaisceart Éireann) | 0 | 4 | 5 | 0 | **9** | 7 | 2 |
| **Iomláin** | **3,942** | **15,558** | **7,120** | **924** | **27,544** | **26,042** | **1,502** |
| **% den Iomlán** | **15%** | **58%** | **24%** | **4%** | **100%** | **95%** | **5%** |

| Tuairisc 2 - Líon na gCeadúnas Conraitheora a Eisíodh an 31 Nollaig 2016 de réir Contae | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Contae** | **MDI** | **MDÁ** | **GMSA** | **GSMTCI** | **GSI** | **GSS** | **SSL** | **AAI** | **BP** | **Iomlán** |
| **Ceatharlach** | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 2 | 16 | 0 | 0 | **21** |
| **An Cabhán** | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 16 | 0 | 2 | **21** |
| **An Clár** | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 3 | 15 | 0 | 1 | **21** |
| **Corcaigh** | 3 | 3 | 4 | 4 | 3 | 10 | 76 | 0 | 9 | **112** |
| **Dún na nGall** | 2 | 2 | 0 | 0 | 1 | 3 | 10 | 0 | 0 | **18** |
| **Baile Átha Cliath** | 18 | 24 | 11 | 7 | 21 | 83 | 231 | 3 | 46 | **444** |
| **Gaillimh** | 2 | 4 | 1 | 1 | 2 | 9 | 39 | 0 | 6 | **64** |
| **Ciarraí** | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 18 | 0 | 2 | **26** |
| **Cill Dara** | 5 | 4 | 1 | 1 | 5 | 15 | 42 | 1 | 8 | **82** |
| **Cill Chainnigh** | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 4 | 12 | 0 | 0 | **19** |
| **Laois** | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 3 | 13 | 0 | 4 | **21** |
| **Liatroim** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 0 | 0 | **6** |
| **Luimneach** | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 5 | 37 | 0 | 7 | **53** |
| **An Longfort** | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 3 | 9 | 0 | 0 | **14** |
| **Lú** | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 5 | 28 | 0 | 2 | **38** |
| **Maigh Eo** | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 12 | 0 | 3 | **19** |
| **An Mhí** | 2 | 3 | 0 | 0 | 2 | 10 | 41 | 0 | 4 | **62** |
| **Muineachán** | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 3 | 12 | 1 | 1 | **19** |
| **Uíbh Fhailí** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 9 | 0 | 3 | **12** |
| **Ros Comáin** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 9 | 0 | 0 | **10** |
| **Sligeach** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 8 | 0 | 1 | **11** |
| **Tiobraid Árann** | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 9 | 30 | 0 | 5 | **48** |
| **Port Láirge** | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 5 | 13 | 1 | 1 | **24** |
| **An Iarmhí** | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 3 | 17 | 0 | 10 | **34** |
| **Loch Garman** | 2 | 1 | 2 | 2 | 2 | 3 | 19 | 0 | 1 | **32** |
| **Cill Mhantáin** | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 5 | 32 | 0 | 4 | **45** |
| **Tuaisceart Éireann** | 1 | 1 | 6 | 6 | 2 | 3 | 27 | 0 | 7 | **53** |
| **An Bhreatain Mhór (seachas Tuaisceart Éireann)** | 2 | 1 | 11 | 6 | 2 | 3 | 10 | 0 | 4 | **39** |
| **Iomláin** | **47** | **52** | **40** | **31** | **55** | **199** | **807** | **6** | **131** | **1,368** |
| **% den Iomlán** | **4%** | **4%** | **3%** | **2%** | **4%** | **17%** | **60%** | **1%** | **5%** | **100%** |

**Eochair Eolais**
MDI - Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí)
MDÁ - Maoirseoir Dorais (Áitreabh Ceadúnaithe)
GSMA - Garda Slándála (Monatóireacht Aláraim)
GSMTCI - Garda Slándála (Monatóireacht TCI)
GSI - Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GSS - Garda Slándála (Socair)
SSL - Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
AAI - Airgead ar Iompar
BP - Bleachtaire Príobháideach

# AGUISÍNÍ

## *Aguisín 2 - Cairt Eagraíochta*



# AGUISÍNÍ

## *Aguisín 3 - Tuairisc Fuinnimh*

*(Riachtanach de réir I.R.542 de 2009)*

Sa bhliain 2016, ba iad ola teasa agus leictreachas na príomhfhoinsí fuinnimh a úsáideadh. Úsáidtear Córas Bainistíochta Foirgneamh atá éifeachtach agus nua-aimseartha chun ár gcuid fóntas a bhainistiú. Is C2 Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh, sin níos airde ná an meán d'fhoirgnimh den chineál seo.

Léirítear sa tábla thíos, an úsáid bhliantúil fuinnimh d'fhoirgneamh an Údaráis i gcomparáid le húsáid fuinnimh i gcás gnáthfhoirgneamh den chineál seo:

| **Ár bhFoirgneamh** | |
|---|---|
| **Neamh-Leictreach (kWh/m²/yr)** | Leictreach (kWh/m²/yr) |
| **95** | **121** |
| **Gnáthfhoirgneamh den chineál seo** | |
| **Neamh-Leictreach (kWh/m²/yr)** | Leictreach (kWh/m²/yr) |
| **132** | **233** |

Díríodh aird sa bhliain 2016 ar leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le hastúcháin $CO_2$ a ísliú 30% faoin mbliain 2020. Tá feasacht foirne mar chuid lárnach den fheachtas atá ar bun againn. Cuireann comharthaí ar fud an fhoirgnimh i gcuimhne don fhoireann leictreachas a chaomhnú agus a bheith airdeallach ar a úsáid.

# Teagmhálacha


**An tÚdarás Slándála Príobháidí**
*Sráid an Dáibhsigh*
*Baile Thiobraid Árann*
*Co. Thiobraid Árann.*
*E34 PY91*
**T: 062 - 31588 / 32600**
**R: info@psa.gov.ie**
**Idirlíon: www.psa.gov.ie**


**An Rannán Ceadúnaithe Conraitheoirí**
*T: 062-32600*
*R: contractors@psa.gov.ie*

**An Rannán Ceadúnaithe Daoine Aonair**
*T: 062-32600*
*R: licensing@psa.gov.ie*

**An Rannán Gnóthaí Corparáideacha**
*T: 062-32600*
*R: info@psa.gov.ie*

**An Rannán Géillte agus Iniúchta**
*T: 062-31588*
*R: enforcement@psa.gov.ie*

**An Rannán Cáilíochtaí agus Caighdeán**
*T: 062-31588*
*R: standards@psa.gov.ie*

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

An tÚdarás Slándála Príobháidí
Sráid an Dáibhisigh, Tiobraid Árann,
Éire

The Private Security Authority
Davis Street, Tipperary Town,
Ireland

T: 062 31588 / 32600
F: 062 31591
E: info@psa.gov.ie

www.psa.gov.ie